An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

SCÉIM AITHEANTAIS SCOILEANNA GAELTACHTA

EOLAS TÁBHACHTACH FAOIN DEONTAS €1,200

Faoi réir théarmaí agus choiníollacha na nImlitreacha 0033/2017 agus 0021/2018 (bunscoileanna) agus 0034/2017 agus 0022/2018 (iar-bhunscoileanna) tá áthas orainn a chur in iúl duit go bhfuil deontas €1,200 íoctha anois do gach bunscoil agus iar-bhunscoil atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus a bhfuil a plean gníomhaíochta feabhsúchan scoile glactha ag an Roinn.

Mar atá luaite sna himlitreacha, ní mór do scoileanna an maoiniú seo a chaitheamh ar acmhainní teagaisc Gaeilge chun tacú le soláthar oideachais lán-Ghaeilge ar ardcháilíocht a chur ar fáil do na daltaí/scoláirí.

Beidh sé de cheangal ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna gach taifead ar chaiteachas (i.e. sonraisc, admhálacha agus taifead ábhartha ar bith eile) a choimeád chun críche iniúchta de réir na nósanna imeachta don soláthar poiblí.

Gheofar liosta cuimsitheach d'acmhainní teagaisc trí Ghaeilge ar shuíomh gréasáin COGG ag www.cogg.ie

An tAonad um Oideachas Gaeltachta
Meán Fómhair, 2018

CC: Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

An tAonad um Oideachas Gaeltachta, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96
Gaeltacht Education Unit, Marlborough St, Dublin 1, D01 RC96
T +353 1 889 6408 | AOG@education.gov.ie
www.education.ie